Acmhainn 3 (Gníomh 2)

Tiarálaí Nó Falsóir? (1 de 2)

Do gach freagra thíos, roghnaigh an freagra is mó atá cosúil leat. Faigh amach ar roghnaigh tú 'a', 'b' no 'c' níos minice, ansin léigh tuairiscín an rangaithe sin le fáil amach cad é mar a bhíonn tú nuair is gá duit staidéar a dhéanamh.

1. Nuair is gá duit staidéar a dhéanamh…

a. Téann tú chuig do dheasc, áit a bhfuil gach a mbeidh de dhíth ort, gan cheol ná teilifís sa chúlra, agus áit nach gcuirfidh duine ar bith isteach ort.
b. Oibríonn tú ag an tábla sa chistin, ach is minic a mbaintear d'aird de na leabhair ag duine ag teacht isteach le rud éigin a fháil nó le dreas comhrá a dhéanamh.
c. Déanann tú os comhair an teilifíseáin é sa dóigh go dtig leat an clár is fearr leat a choimhéad agus dreas comhrá a dhéanamh le linn dul siar ar an ábhar a dhéanamh.

2. Déanann tú staidéar de ghnáth…

a. Ag an am céanna gach lá scoile. Don chuid eile den am, bíonn tú saor le do rogha rud a dhéanamh. Tá a fhios agat cé chomh tábhachtach is atá sé sos a ghlacadh ón obair fosta.
b. Nuair a bhuaileann an fonn thú, ach, de ghnáth, éiríonn leat méid áirithe a dhéanamh gach lá scoile.
c. Ag an nóiméad deireanach roimh spriocam, rud a chiallaíonn go mbíonn laethanta ann agus gan rud ar bith le déanamh agat, agus laethanta eile nuair a bhíonn tu ag obair go mall san oíche le saothar a chríochnú.

3. Nuair nach mbíonn fonn staidéir ort, ach go mbíonn géarghá leis…

a. Deir tú leat féin go mbeidh áthas ort nuair a bheidh an obair déanta agat agus téann tú ar aghaidh leis, nó déanann tú iarracht fáil amach cad é go direach atá ag cur baic ar an staidéar.
b. Déanann tú réidh cupán tae, athchóiríonn tú na postaeir ar an bhalla, socraíonn tú go gcaithfidh tú snas a chur ar do chuid aclaíochta ar dtús, déanann tú liosta de dhóigheanna le staidéar a dhéanamh, déanann tú imní den mhéid oibre atá le déanamh agat, déanann tú aislingeacht ar ghasúr/cailín foirfe, caitheann tú seal fada ag tarraingt breacaireacht álainn.…
   Sa deireadh, cuireann tú tús leis an staidéar agus ansin tagann mísháSamh ort leat féin as am a chur amú.
c. Téann tú agus faigheann tú duine, nó rud, éigin le d'intinn a tharraingt sa dóigh nach mbeidh ort smaoineamh faoi.

4. Nuair nach féidir leat rud éigin a dhéanamh nó a thuscint…

a. Iarrann tú cuidiú go dtí go dtuigeann tú é,
b. Amanna, iarrann tú cuidiú ach amanna bíonn eagla ort go measfaidh daoine eile go bhfuil tú bómánta.
c. Ní iarrann tú cuidiú riamh mar bíonn sé róthreampánach os comhair na ndaltaí eile sa rang.

5. Maidir le torthaí maithe a fháil i scrúduithe agus i dtrialacha, is é do dhearcadh…

a. Déanann tú do sheacht ndícheall; mar sin déanann tú d'iarracht is fearr agus feicfidh tú cad é a tharlóidh. Ní féidir leat níos mó ná sin a dhéanamh!
b. Go minic, ní bhíonn d'iarracht is fearr maith go leor. Déanann tú imní giota beag den tuairim a mbeidh ag daoine eile ort.
c. Is fuath leat rudaí a fháil mícheart agus cuma bhómánta a bheith ort, mar sin, síleann tú gur fearrde thú gan iarracht a thabhairt. Ansin thig leat an milleán faoi mharcanna ísle a chur ar easpa iarrachta seachas ar easpa cumais.

Acmhainn 3 (Gníomh 2)

Tiarálaí Nó Falsóir? (2 de 2)

6. Nuair a dhéanann tú scrúdú…

a. Léann tú na treoracha uile go cúramach. Ansin, déanann tú na codanna is fusa ar dtús, ag fágáil ceisteanna casta ar bith le déanamh níos moille, sa dóigh go mbeidh go leor ama agat. Mura bhfuil tuairim ar bith agat faoi cheist, scríobhann tú buille faoi thuairim ar eagla go mbeadh sé ceart. Fágann tú go leor ama le dul dul siar ar do fhreagraí uile ag an deireadh agus le dearbhú nach bhfuil meancóga iontu.

b. Léann tú na treoracha go cúramach. Ansin tosaíonn tú ag an tús agus oibríonn tú leat go dtí an deireadh, gan rud ar bith a fhágáil ar lár. Má tá ceist ag sárú ort, coinníonn tú ort go dtí go bhfaigheann tú freagra éigin.

c. Tosaíonn tú caol díreach ar na ceisteanna a fhreagairt, ag fágáil ar lár iad siúd nach féidir leat a dhéanamh. Má chríochnaíonn tú go luath, tarraingíonn tú pictiúr ar chúl an phāipéir.

7. Tá tú i rang ina bhfuil cuid de na daltaí ag pleidhcíocht; níl siad ag éisteacht ná ag déanamh a gcuid oibre…

a. Déanann tú iarracht fanacht fócasaithe agus ag éisteacht. Má mheasann tú go bhfuil go leor daoine sa rang a sheasóidh leat, déanfaidh tú gearán, fiú, leis na daltaí toirmeascacha, ag iarraidh orthu éirí as.

b. Éiríonn tú bréan den iompar suaiteach, ní thugann tú aird ar an mhúinteoir agus éiríonn tú dubh dóite.

c. Téann tú i bpáirt leis na daoine atá ag pleidhcíocht.

8. Tá tú i rang ina síleann cuid mhaith de na daltaí nach bhfuil sé 'faiseanta' staidéar a dhéanamh, agus déanann siad gáire fúthu siúd a dhéanann é. Ba mhian go mór leat, áfach, marcanna maithe a fháil mar go dtaitníonn an t-ábhar leat agus mar go mbeidh sé de dhíth ort i do shlí bheatha amach anseo. Cad é a dhéanann tú…?

a. Suigh in aice leis an líon beag daltaí ar mhaith leo staidéar a dhéanamh agus coinnigh ort ag obair. Ní ligfidh tú do dhuine ar bith cosc a chur ar do dhóchas agus ar do bhrionglóidí don saol romhat!

b. Is fuath leat daoine ag spochadh leat, mar sin ligeann tú ort nach mbíonn tú ag obair barraíocht sa rang, ach ansin caitheann tú an t-am sa teach le dul siar ar an obair a chaill tú.

c. CAITHFIDH na daltaí is mó a bhfuil gean orthu tú a ghlacadh; mar sin éirionn tú as an obair le go sílfidh siadsan go bhfuil tú faiseanta.

'a' den chuid is mó…
Maith thú! Tá an dearcadh ceart agus an cur chuige ceart agat maidir leis an staidéar, agus tá tú in ann déileáil le seachrán agus le piarbhrú diúltach.

'b' den chuid is mó…
Tá tú ar an bhealach cheart, ach is féidir le seachrán nó le dearcadh daoine eile ort tú a chur de do threoir. Léigh na freagraí 'a' le treoracha faoin staidéar rathúil a thabhairt duit féin.

'c' den chuid is mó…
Ní rachaidh tú áit ar bith leis an dearcadh atá agat faoi láthair ar an staidéar. Níos measa fiú, amanna cuireann tú cosc ar dhaoine eile atá ag iarraidh a bheith ag obair ar an rud ar mhian leo a dhéanamh. Léigh na freagraí 'a' le treoracha a thabhairt duit féin faoi athruithe dearcaidh a ligfidh duit a bheith níos rathúla. Fosta, déan machnamh ar d'fhéinmheas a fheabhsú; tá cuma air go bhfuil sé íseal go leor faoi láthair.